# Tuar, Gníomh agus Athmhachnamh

## Tuar – Ag smaoineamh mar a bheadh Saoránach Gníomhach ann

Is minic a bhíonn bruscar ina luí sa pháirc áitiúil, áit a gcaitheann tú féin agus do chairde am ag crochadh thart ag an deireadh seachtaine. Molann cúpla duine i do bhliainghrúpa glantachán a shocrú i ndiaidh na scoile Dé Luain. Mothaíonn daoine eile i do bhliainghrúpa nach orthu an fhreagracht.

C1 Cad iad na fáthanna a d'fhéadfadh a bheith ag daoine leis an bhfreagairt sin?

C2 Cad iad na hiarmhairtí gearrthéarmacha / fadtéarmacha a d'fhéadfadh a bheith le glantachán a shocrú?

C3 Cad iad na meonta ba cheart a chur san áireamh? (Muintir na háite etc)

## Gníomh – Gníomh Freagrach a Dhéanamh

Roghnaigh gníomh amháin a d'fhéadfadh a dhéanamh sa chás Gníomh a dtacóinn féin leis ná:

C1 Cad é an cuspóir atá ag an ngníomh seo?

C2 Cad é mar is féidir leis an ngníomh seo cur le folláine?

C3 Cad iad na hiarmhairtí diúltacha a d'fhéadfadh a bheith ann ba cheart a chur san áireamh?

C4 Cad é mar is féidir an gníomh seo a dhéanamh níos freagraí agus níos ionchuimsithí?

## Athmhachnamh – Ag Foghlaim mar Shaoránach

C1 Cad iad na luachanna OSSP atá ábhartha sa chás seo?

C2 Cad é mar a léiríonn an gníomh a roghnaigh tú na luachanna sin?

C3 Cad é a d'fhoghlaim tú maidir le bheith i do shaoránach freagrach?

C4 Cén tionchar a d'fheadfadh a bheith ag an bhfoghlaim sin ar do ghníomhartha sa todhchaí ar scoil nó sa phobal?

